

# LUX FILM DAYS

3 SCANNÁN  
24 THEANGA  
28 dTÍR



© Benedict Neuenfels

## STYX

Scannán de chuid Wolfgang Fischer  
An Ghearmáin, an Ostair



Parlaimint na hEorpa

# STYX

## SCANNÁN DE CHUID WOLFGANG FISCHER

Bheartaigh Rike sos gairme a thógáil chun an t-aistear a dhéanamh chuig Oileán na Deascabhála ina bád seoil, an *Asa Gray*, bád ar dhein sí an-chúram de. Dochtúir éigeandála ab ea Rike agus í sna daichidí. Bhí sí ag taisteal ina haonar ar thuras ní hamháin chun an tAtlantach Theas a bhaint amach ach ar aistear pearsanta a thabharfadh í go domhain laistigh dá hanam féin. Ar bord, mheil sí an t-am idir an stiúir agus na leabhair a thug sí léi, dála Parthas a chruthú. *Darwin ar Oileán na Deascabhála*. Bhí sí faoi dhraíocht ag fásra méith agus ilghnéitheach an oileáin, oileán a bhí tréigthe go dtí deireadh an 19ú haois. Theastaigh uaithi cuairt a thabhairt ar an bparthas saorga seo ar tógadh gach cuid de ar chomhairle Darwin.

Ach, thiocfadh an chinníúint salach ar a pleananna. Is le stoirm fhíochmhar a d'athraigh an chinníúint a cúrsa, mar gur cuireadh seanbhád iascaireachta plódaíthe le teifigh ina bealach, soir ó thuaidh ó oileáin Rinn Verde, agus iad ar a gcéad dícheall tathant uirthi teacht i gcabhair orthu. Theip ar a hiarrachtaí teagmháil a dhéanamh leo ar an raidió agus bhí na gardaí cósta an-mhall ag freagairt cé gur ghloigh sí orthu arís is arís eile. Anois agus í ina haonar bheadh uirthi aghaidh a thabhairt ar an aincheist mhorálta nach bhféadfadh sí teacht i gcabhair orthu mar nach raibh sé d'acmhainn aici iad a thabhairt ar bord a báid seoil bhig. Is maith a thuig sí nach bhféadfadh sí cabhrú leo, cé gur ghoill an dóchlas ina súile go mór uirthi. Bhí sí idir dhá cheann na meá, iad a tharrháil mar a theastaigh uaithi, nó fanacht glan amach uathu, mar ba chiallmhaire. Bhí sí ciaptha ag an gcruchás tragóideach. Ar deireadh thiar thall níor éirigh léi ach paisinéir amháin a shábháil: déagóir 14 bliana d'aois darbh ainm Kingsley.

## COMHTHÉACS

Tugann an stiúrthóir chun beatha, sa léiriú tragóideach seo, an fáthscéal faoin mbearna mhór idir Eoraip an rachmais agus Afraic na bochtaineachta nó na héagobhsaíochta polaitiúla agus na héagóracha go léir a chuimsíonn sé sin: easnaimh, foréigean, éigeart agus géarleanúint. Cuirtear ceist rithábachtach sa scannán freisin: cad is féidir a dhéanamh ar bhonn aonair i gcás aincheist thragóideach dá leithéid, agus neamhaird á déanamh ag na húdaráis inniúla agus na daoine i gcumhacht, d'aon ghnó, ar an gcruchás?

Is ceist reatha í an cheist a ardaítear in *Styx*, agus í á plé go forleathan sna meáin chumarsáide faoi láthair, i measc scéalta eile faoi sheineafóibe agus náisiúnachas Eorpach atá ag dul i méid i dtíortha éagsúla: an Iodáil, an Ostair, agus tíortha Ghrúpa Visegrad (an Pholainn, Poblacht na Seice, an tSlóvaic agus an Ungáir) a bhfuil drogall orthu anois glacadh le teifigh agus cinneadh déanta acu rochtain ar a gcalafoirt a bhlocáil. Tharla an ghéarchéim teifeach is mó riamh san Eoraip in 2015 agus as sin amach d'fhorbair géarchéim pholaitiúil ina leith. Is gá anois an rogha a dhéanamh idir Eoraip oscailte nó Eoraip dhúnta. Ní foláir do cheannairí an Aontais dul i ngleic i gceart le ceist na dteifeach.

## MAIDIR LE BUN NA SPEICEAS (ON THE ORIGIN OF SPECIES)

Tá Oileán na Deasghabhála suite san Atlantach Theas amuigh ó chósta na hAfraice. Is oileán beag bolcánach é ar thug Charles Darwin cuairt air ag deireadh a thurais taiscéalaíochta timpeall an domhain ar bord an *Beagle*. Díol suntais dó é nach raibh aon úruisce ná aon fhásra san áit, agus phléigh sé an scéal leis an luibheolaí Joseph Hooker a thug an dúshlán dó an t-oileán a athchoilltíú le gach sórt crann agus planda de thionscnamh na hEorpa, na hAirgintíne agus na hAfraice Theas. Ba é sprioc an tionscadail an timthriall uisce agus cáilíocht na hithreach a athbhunú, agus 30 bliain anonn, bhí an geall nuair. Sa scannán seo, is cosúil go raibh Rike gafa le hiontas an éispéiris sin, mar is léir ón gceann scríbe a roghnaigh sí, agus a spéis sa leabhar *Parthas a chruthú: Darwin ar Oileán na Deascabhála*. Zúmálann an ceamara isteach ar chlúdach an leabhair sa scannán. Tá a fíorspéis le sonrú fiú ar ainm a báid seoil. Luibheolaí Meiriceánach ab ea Asa Gray (óna bhfuair Rike ainm a báid) a raibh an-mheas aige ar Darwin. Chuir sé eolas úsáideach ar fáil nuair a bhí *On the Origin of Species* á scríobh agus chuidigh sé le Darwin a smaointe a scaipeadh ar fud na Stát Aontaithe.

Tugtar le tuiscint sa scannán go bhfuil suntas ag baint leis na sonraí sin go léir. Fiú ag tús an scannáin osclaítear le radharc de mhoncaithe ar Charraig Ghiobrálta, an t-aon áit san Eoraip ina bhfuil 250 meacaic Bharbarach ina gcónaí san fhiántas. Mar is eol dúinn, bhí na príomhaigh ag croílár an taighde a rinne Darwin sa 19ú haois maidir le bunús na speiceas. Cuireann an stiúrthóir radhairc de phríomhach ag ithe le hais radhairc de Rike ag stóráil a soláthairtí dá haistear. Ar an gcaoi sin éiríonn leis an stiúrthóir an gaol sin idir an cine daonna agus na príomhaigh a thabhairt chun cuimhne agus go hindíreach ardaíonn sé an tseancheist: an bhfuil meabhair chinn an duine dhaonna níos sofaisticiúla i ndáiríre ná meabhair chinn na n-ainmhithe eile?

## PARTHAS A CHRUTHÚ

Spreagann sé sin chun machnaimh an lucht féachana faoi na tagairtí sa scannán, ar tagairtí iad a théann i bhfad siar. Tá siad imeasctha le comhthéacs na staire comhaimseartha bunaithe ar an ngeit a eascraíonn ó dhá shaol éagsúla ag bualadh in aghaidh a chéile. Ar thaobh amháin de tá sochaí mhuintir an iarthair atá ar a sáimhín só i saol an chompoird, iad leithleach agus ar nós cuma liom faoin gcuid eile den domhan. Ar an taobh eile de tá pobal teifeach atá ar a lán dícheall fanacht beo. Leis sin tumtar an scannán isteach i réimse an fháthscéil. Is deis é dúinne léirmhíniú a dhéanamh ar eachtraí an scannáin.

Tugann “parthas a chruthú”, mar atá ar chlúdach leabhair Rike, an chéad amharc dúinn air seo. Is mar a bheadh filleadh ar Ghairdín Pharthais é a haistear aonair — aistear chuig bunús an domhain, mar atá i Leabhar Gheineasas <sup>(1)</sup>. Ó thús an scannáin, fiú sula n-imíonn Rike léi ar a haistear, tá freagracht an duine dhaonna sa domhan curtha ar bun. Dá bharr, ní thugtar cead dúinn géilleadh do nóisean na mallachta ná na cinniúna agus eachtraí an scannáin á léirmhíniú againn. Is bealach é chun cáineadh a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitheann tíortha áirithe le teifigh. Sa chomhthéacs sin, is cinnte gur féidir an tagairt do “parthas a chruthú” ar Oileán na Deasghabhála a léirmhíniú mar ráiteas a chuireann in iúl go bhfuil réitigh dhaonna agus bhuntáisteacha ar fáil fiú ar na heachtraí is éadóchasai dá bhféadfaí a shamhlú.

Cén fáth a ngéillimid agus a nglacaimid leis an ord domhanda mar atá? Ar cén prionsabal a mbunaimid an coincheap gur gnáthrud é gur féidir linn maireachtáil sna dálaí is fearr fad is atá daoine eile, nach bhfuair na buntáistí a fuairamar, ag fáil bháis agus iad ar a ndícheall éalú ó na huafáis agus fanacht beo? Is cinnte gurb í sin buncheist scannán Wolfgang Fischer agus é á cur in iúl trí mheán na dtagairtí sin uile.

Ar an taobh eile de, agus b’fhéidir ar bhonn níos prósaí, léiríonn an easpa cumhachta a bhí ag Rike teacht i gcabhair ar phaisinéirí an tseanbháid iascaireachta chomh srianta is atáimid gníomhú ar bhonn aonair. Ionchollaíonn sé an chinniúint a bhaineann le bás tragóideach na mílte teifeach ar muir, agus is bealach é go bunúsach chun a léiriú go bhfuil teipthe go hiomlán ar an sprid chomhchoiteann. Le linn an chéad chomhrá raidió a bhí ag Rike le captaen lastloinge, díreach roimh an stoirm, gheall sé di go bhféadfadh sí brath air in am an ghéatair. Cúpla uair an chloig níos déanaí, ámh, dhiúltaigh sé idirghabháil, ag maíomh go mbrisfís as a phost é dá ndéanfadh sé amhlaidh. Ar an gcaoi sin chuir sé a leas féin chun tosaigh ar a dhualgas cuidiú le daoine fanacht beo ar muir, dualgas atá cumhdaithe i gCoinbhinsiún SOLAS, 1974. Tá sé ina bhealach freisin chun béim a leagan ar na heasnamh atá sa bheartas glactha teifeach, mar shampla, i measc nithe eile, socrúithe níos daingnithe a bheith ann. Léirítear é sin sa scannán agus neamhaird á déanamh ag na gardaí cósta d’achainíochta Rike teacht i gcabhair ar na teifigh, cé go bhfuil slándáil shibhialta ar muir mar fhreagracht orthusan.

## UISCÍ IFRINN



Tá tóraíocht pharthais fógartha ag tús an scannáin sa teideal. Tá an tóraíocht sin ag croílár thionscadal Rike agus thionscadal na dteifeach araon, cé nach raibh an bhrí ná an réaltacht <sup>(2)</sup> chéanna ag baint leis an bparthas sin dóibh. Eascraíonn an teideal *Styx*, a bhfuil fochialla móra ifreanda aige,

(1) Is tagairt eile ón mBíobla é, sa mhéid gur tugadh Oileán na Deasghabhála ar an oileán mar gheall ar an lá a d’fhionn loingseoir Portaingéalach an t-oileán in 1501.

(2) Is féidir an teagmhais idir Rike agus na teifigh a shamhlú mar a bheadh léiriú ar an trasaí idir dhá léiriú de pharthas atá i gcodarsnacht iomlán lena chéile. Léiriú amháin ag taisteal ó dheas ar thóir oileáin atá ina pharthas saorga, agus léiriú eile ag taisteal ó thuaidh ag iarraidh teacht ar *El Dorado* na hEorpa.

ó mhiotaseolaíocht na Gréige, ceann de chúig abhainn ifrinn, an teorainn idir na beo agus na mairbh. Éiríonn leis an stiúrthóir, sa teideal, dorchadas agus duairceas a chaitheamh ar an eachtra ón tús ar fad. Tá an lucht féachana ar an eolas, fiú roimh thús an scannáin, go bhfuil rud éigin tubaisteach ar tí titim amach. Is léir, ón gcodarsnacht idir brionglóid an pharthais agus firinne an ifrinn do na teifigh agus don bhean Ghearmánach óg seo, go bhfuil an stiúrthóir ag cáineadh spadántacht na bpolaiteoirí agus fuarchúis na saoránach iartharach i leith fhadhb na dteifeach, mar go samhlaíonn siad gur fadhb í atá i bhfad i gcéin, go dtí go bhfuil orthu aghaidh a thabhairt uirthi go fisiciúil iad féin. Sa chomhthéacs sin, na gardaí cósta a thagann i gcabhair ar na teifigh ag deireadh an scannáin d'fhéadfaí iad a shamhlú le bádóirí Charóin — searbhóntaí ifrinn a bhfuil sé de dhualgas orthu an Stiocs a thrasnú chun teacht ar anamacha na marbh — ag iompar níos mó corpán ná marthanóirí ó bhád amháin go bád eile.

Ar deireadh thiar, sa léirmhíniú sin, d'fhéadfaí Rike a shamhlú leis an Stiocs, an té is sine as measc na nAigéinítí a sheasann don abhainn eapainmneach. Símhnaí uisceacha iadsan ó mhiotaseolaíocht na Gréige freisin, a raibh ról dea-mhéiniúil acu i gcónaí agus ar shann Zeus an cúram orthu aire a thabhairt do bhuachaillí óga agus iad a stiúradh i dtreo na haosachta. Soiléiríonn an tagairt sin an caidreamh idir an dochtúir agus an gasúr óg Kingsley, an t-aon teifeach ar éirigh léi é a shábháil. Soiléiríonn sé freisin an ról mífhabhreach a bhí aici i gcinniúint thragóideach na dteifeach eile. Agus ní dócha gur comhtharlúint é ach oiread, ag deireadh an scannáin agus í ag iniúchadh bholg an bháid iascaireachta mar ar aimsigh sí uafáis an chruacháis, go dtaispeántar seat gar-amhairc de Rike agus a ceann clúdaithe go hiomlán, cé is moite de na súile, le scaif dhubh. Ní hamháin gur chlúdaigh an scaif a ceann chun í a chosaint ó ghalair, ach d'fhéadfaí an scaif a shamhlú freisin leis an gcochall a chaith fear an bháid agus é ag iompar na marbh trasna an Stiocs.





© Benedict Neuenfels



© Benedict Neuenfels



© Benedict Neuenfels



© Benedict Neuenfels

## CÚPLA ÁBHAR MACHNAIMH

- Tá an scannán *Styx* roinnte go follasach in dhá chuid. Is léir go bhfuil *roimh* an stoirm agus *i ndiaidh* na stoirme ann — stoirm a mhair ó oíche go maidin. I réimse an léirmhínte fháthchiallaigh, an réimse a roghnaíomar, cad a d'fhéadfaí a rá faoin stoirm? Cad dó a seasann sí? An féidir linn í a shamhlú mar a bheadh tagairt do ghné éigin eile ón miotaseolaíocht? Cén chiall atá ag an eachtra sin i gcomhthéacs an scannáin?
- Ar deireadh thair, cuireann Rike, gnáthdhuine ar saoire, muid féin i gcuimhne dúinn agus ár bhfreagrachtaí mar shaoránaigh Eorpacha. Cén teachtaireacht, dar leat, atá ag an stiúrtóir Wolfgang Fischer dúinn? Cad a theastaíonn uaidh go ndéanfaimis ina thaobh?

les grignoux



## SCANNÁNAÍOCHT EORPACH DO PHOBAIL NA HEORPA

Leantar ar aghaidh leis an éagsúlacht iontach de sheánraí agus de dhearcthaí a fheiceáil i scannáin de chuid na stiúrthóirí óga Eorpacha a bhfuil talann acu agus a chuireann isteach ar dhuais LUX. Is mór ag Parlaimint na hEorpa na trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX 2018 a chur i láthair:

**STYX**, scannán de chuid Wolfgang Fischer, (an Ghearmáin agus an Ostair)

**THE OTHER SIDE OF EVERYTHING** (*Druga strana svega*), scannán de chuid Mila Turajlić (an tSeirbia, an Fhrainc agus Catar)

**WOMAN AT WAR** (*Kona fer í stríð*), scannán de chuid Benedikt Erlingsson (an Íoslainn, an Fhrainc agus an Úcráin)

Tugann na scannáin aghaidh ar ábhair reatha, ar bhealach croíúil, cliste agus tugann siad léiriú ar a bhfuil os comhair na hEorpa i láthair na huair. Léiríonn siad carachtair a osclaíonn a súile ar an domhan mórthimpeall orthu chun tuiscint a fháil ar an saol mar atá i ndáiríre, agus ar an tsochaí agus an pobal lena mbaineann siad. Cuireann mothúcháin na scannánaíochta lenár scéalta agus mar sin léirítear caighdeán agus éagsúlacht na scannánaíochta Eorpaí, chomh maith lena ról tábhachtach maidir le luachanna na sochaí agus pobail chultúrtha a chur chun cinn. Tugaimid cuireadh duit na scannáin a fheiceáil ag an seachtú heagrán de LAETHANTA SCANNÁIN LUX.

## DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX

Tá ról bunúsach ag an gcultúr sa chaoi ina gcruthaítear ár sochaí.

Ar an ábhar sin, chuir Parlaimint na hEorpa tús le DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX in 2007. Leis seo tá súil ag an bParlaimint cur leis an méadú ar dháileadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht Eorpach a spreagadh maidir le mórcheisteanna na sochaí.

Is tionscnamh eisceachtúil é DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíorannamh a dháiltear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh de AE, is deis neamhchoitianta atá in DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chun fotheidil 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a chur ar thrí scannán Eorpacha.

Déanfaidh Feisirí de chuid Pharlaimint na hEorpa vóta a chaitheamh chun buaiteoir DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX a roghnú agus an 14 Samhain 2018 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

## LAETHANTA SCANNÁIN LUX

D'eascair LAETHANTA SCANNÁIN LUX as DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chomh maith. Ó 2012 i leith, cuirtear na trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX i láthair don phobal Eorpach is mó le linn LAETHANTA SCANNÁIN LUX.

Is deis iad LAETHANTA SCANNÁIN LUX chun páirt a ghlacadh in ócáid chultúrtha gan teorainn nach ndéanfar dearmad uirthi. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 go mí Eanáir 2019, féadfaidh tú teacht le chéile le daoine eile as gach cearn den Eoraip a bhfuil dúil acu sa scannánaíocht trí fhéachaint ar na trí scannán i gceann de 24 theanga oifigiúla AE. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár suíomh gréasáin [luxprize.eu](http://luxprize.eu) nó ar ár leathanach Facebook!

## AN tAITHEANTAS POBAIL

Is é an tAitheantas Pobail an gradam a dhámhann an lucht féachana in DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh do cheann de na trí scannán roimh an 31 Eanáir 2019. B'fhéidir go mbeadh seans agat freastal ar fhéile idirnáisiúnta scannánaíochta Karlovy Vary i mí Iúil 2019 — le cuireadh ó Pharlaimint na hEorpa — agus teideal an scannáin a gheobhaidh an t-aitheantas pobail a fhógairt.

FÉACH,  
PLÉIGH &  
VÓTÁIL



@luxprize



#luxprize

LUX  
PRIZE  
.EU

**STIÚRTHÓIR:** Wolfgang Fischer

**SCRIPT SCANNÁIN:** Wolfgang Fischer, Ika Künzel

**FOIREANN AISTEOIRÍ:** Susanne Wolff, Gedion Oduor Wekesa, Alexander Beyer, Inga Birkenfeld

**STIÚRTHÓIR FÓTAGRAFAÍOCHTA:**  
Benedict Neuenfels

**LÉIRITHEOIRÍ:** Marcos Kantis, Martin Lehwald, Michal Pokorny

**LÉIRIÚCHÁN:** Schiwago Film GmbH, Amour Fou Vienna

**BLIAIN:** 2018

**FAD:** 94 nóiméad

**SEÁNRA:** Ficsean

**TÍORTHA:** An Ghearmáin, an Ostair

**BUNLEAGAN:** Béarla, Gearmáinis

